



Naomh Colm Cille: Ab agus Misinéir Leaséarlámh na hÉireann

(Pátrún Dhún na nGall agus Í. Rugadh i nGartán, Co. Dhún na nGall, é an 7
Nollaig 521. Bhásaigh ar Oileán Í an 9 Meitheamh 597)

Féile: 9 Meitheamh

Cúlra

‘Ag toiseacht i mí na Nollag 2020, déanfar comóradh ar feadh bliana ar bhreith, tá 1500 bliain ó shin, Naomh Colm Cille, a mhair sa séú haois. Mhúnlaigh an naomh agus a oidhreacht shaibhir Éire, Albain agus tuaisceart Shasana. Tá an oidhreacht go fóill ag sárú bacainní teorainneacha agus ag spreagadh an chomhoibrithe, go háirithe i dtraidisiún Gaelach na hAlban, na hÉireann agus Oileán Mhanann

Colm Cille: An Naomh Aithnímid agus ceiliúraimid an tionchar mór a bhí ag Colm Cille agus a lucht leanúna ar an saol reiligiúnach agus spioradálta in Éirinn, in Albain agus níos faide i gcéin thar na glúine.

Smaointe: – Gabh ar thuras spioradálta, ag rianú choiscéimeanna Cholm Cille (sonraí thíos) Eagraigh seirbhís ag comóradh Cholm Cille’

(Foinse: <https://colmcille.net/colmcille-1500-gaeilge/?lang=ga>)

Mar fhreagairt ar an moladh sin thuas, cuirtear bailiúchán de phaidreacha agus d’áiseanna liotúirgeacha ó thraidisiún na Gaeilge ar fáil anseo thíos chun cabhrú le daoine seirbhísí a eagrú i mbliaana – ina scoileanna agus ina bparóistí – in ómós do Naomh Colm Cille.

In response to that invitation, a collection of prayers from the Irish tradition is made available here as an aid in the preparation of liturgies – in schools and parishes – in honour of Saint Colm Cille.

Siombailí

Leabhair, buidéal dúigh, pictiúr de bhád, céasla (maide rámha), cuaráin, pictiúr de cholm, pictiúr de chlaíomh solais, Éire agus Albain ar léarscáil.

Smaointe maidir le siombailí eile ar fáil anseo:

https://ccea.org.uk/colmcille/gaeilge/teachers/image_bank/index.php

Sleachta as na Scrioptúir

“Má ghabhaim umam sciatháin na maidine;
Agus cónaí i gcríocha imchiana na farraige,
Ansin féin beidh do lámh do mo sheoladh;
Agus béarfaidh tú orm le do dheaslámh.”

(Foinse: Salm 139 (138): 9-10)

Tháinig Íosa chucu agus labhair sé leo:

“Tá gach údarás tugtha domsa ar neamh agus ar talamh.

Imígí dá bhrí sin, déanaigí deisceabail de na náisiúin uile, á mbaisteadh in ainm an Athar agus an Mhic agus an Spioraid Naoimh, ag múineadh dóibh gach ní atá ordaithe agam a choinneáil. Agus féach, táim in éineacht libh i gcónaí go dtí deireadh an tsaoil.”

(Foinse: Matha 28: 18-20)

Sliocht as Paidir Cholm Cille

In ainm Íosa Críost ár dTiarna éirím:

Na seacht réalt do mo stiúradh,
an dáréag do mo sheoladh,
na cúig chneá do mo dhíonadh,
na trí shanas i mo chluasa,
síoth na seacht nEaglais do mo thimpealladh,
an tAon Dia do mo rialú,
sciath chreidimh os mo chionn,
an claíomh solais ar m’aghaidh,
focal Dé ar mo chúltaobh,
m’aingeal coimhdeachta láimh liom,
an Spiorad Naomh mar aon liom anois agus go síoraí.
Triath na dtriath.

A Íosa, beannaigh, stiúir agus cosain mé, agus tabhair chun na beatha síoraí mé.
A Cholm Cille, guigh ar son na hÉireann agus na hAlban agus ar mo shonsa.

Translation: **From the Prayer of Colm Cille**

*In the name of Jesus Christ, our Lord, I rise
with the seven stars guiding me,
the twelve directing me,
the five wounds protecting me,
the three whispers in my ears,
the peace of the seven Churches around me,
the One God ruling me,
a shield of faith over me,
the sword of light before me,
God’s word behind me,
my guardian angel beside me,*

the Holy Spirit with me now and forever.

Lord of Lords. Jesus, bless, guide and protect me, and bring me to everlasting life.

Colm Cille, pray for Ireland and Scotland and for me.

(Foinse: as *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish* in eagar ag Donla uí Bhraonáin, Baile Átha Cliath: Cois Life, 124-130)

Urnaí

A Dhia uilechumhachtaigh a líon croí Naomh Colm Cille le lúcháir an Spioraid Naoimh agus le grá domhain dóibh siúd a bhí faoina chúram, deonaigh, de bharr a idirghuí, go leanfaidh do phobal oilithreach é agus iad daingean sa chreideamh, cothaithe ag an dóchas agus aontaithe sa ghrá mar cheangal idir sinn agus tú.

(Foinse: Comhurnaí as *An Leabhar Aifrin Rómhánach, Comhdháil Easpaig na hÉireann, Baile Átha Cliath: Veritas, 2017, 914*).

Sliocht as Preafáid in Ómós do Cholm Cille

A Dhia ... thug tú de bhronntanas do Naomh Colm Cille taitneamh a bhaint as oibreacha uile do lámh agus óna óige b'ábhar lúcháire dó a bheith do do mholadh agus amhráin á gcumadh aige chun glóire d'ainm. Le bua na heagna a bhronn tú air threoraigh sé a lán daoine i naofacht, i gcarthanacht agus i ndílseacht feadh na gcosán go dtí na flaithe agus d'fhreagair sé do ghairm imeacht óna thír dhúchais ina oilithreach ar son Chríost ionas go gcluinfadh daoine a bhí ina gcónaí thar lear Soiscéal na síochána.

(Foinse: Sliocht as preafáid in ómós do Naomh Colm Cille, *An Leabhar Aifrin Rómhánach, Comhdháil Easpaig na hÉireann, Baile Átha Cliath: Veritas, 2017, 917*)

Chuíg Colm Cille, File

A Cholm Cille a fuair cuisle na héigse,
Is a scríobh na dánta breátha Gaeilge,
Do chabhair go dtaga don ghasra léannta
A chleachtann an peann i bhfabhar na hÉireann.

Translation: ***To Saint Colm Cille, Poet:***

Colm Cille, who received the fount of poetry,

and who wrote fine poems in Irish,

help those learned people

who use their pen for the good of Ireland.

(Foinse: Sliocht as paidir in *Paidreacha na Gaeilge / Prayers in Irish* in eagar ag Donla uí Bhraonáin, Baile Átha Cliath: Cois Life, 131)

Chun Colm Cille Naofa

A Naomh Colm Cille, guigh go grod is go baileach is go dúthrachtach;
Guigh aduaidh agus aneas;
Guigh anoir agus aniar;
Guigh anuas agus thuas, abhus agus thall;
Guigh ar ais is ar aghaidh, chugat agus uait agus go lá brátha.

(Foinse: Sliocht as paidir in *Ár bPaidreacha Dúchais, arna gcnuasach ag Diarmuid Ó Laoghaire, Baile Átha Cliath: Foilseacháin Ábhair Spioradálta, 1975, 1990, 227*)

Paidir Naomh Colm Cille

Bí i do lasair gheal os mo chomhair, a Dhia,
i do réalta eolais os mo chionn.
Bí i do chonair mhín faoi mo chosa,
i d'aoire cineálta taobh thiar díom,
inniú, anocht agus go brách.
Amen

In éineacht leatsa amháin, a Dhia,
triallaim mo shlí;
cén fáth a mbeadh imní orm,
a Rí an lae agus na hoíche,
agus tusa i m'áice?
Táim níos sábháilte i do láimhse
ná mar a bheinn
agus slua ina seasamh mórthimpeall orm.
Amen

Translation: ***The Prayer of St. Columba***

*Be a bright flame before me, O God
a guiding star above me.
Be a smooth path below me,
a kindly shepherd behind me
today, tonight, and for ever. Amen*

*Alone with none but you, my God
I journey on my way;
what need I fear when you are near,
O King of night and day?
More safe am I within your hand
than if a host did round me stand. Amen.*

(Foinse: Aistriúchán ar phaidir cháiliúil ón mBéarla / Translation of well-known prayer in English)

A Mhuire mhín

(paidir a luaitear le Colm Cille)

A Mhuire mhín, a mhaith-iníon,
Tabhair fortacht dúinn,
A chléibh chorp an Choimdheadh,
A chófra na rún.

A chorp na trócaire 's an mhaithiúnais,
Le rath an Spioraid ghlain,
Guigh linn an Rí fíorbhreathach
Don chlann chumhra chaoin.

De ghrá na Caoimh-ghine
A coimpríodh id' bhroinn
De ghrá na hAonghine
Is Ardrí i ngach uile áit.

Gur tú ár gcoimirce
I bhflaitheas an Choimdheadh chaoín,
Go dtéimid le híosagán,
Áilim, fad a mhairimid.

Translation: **Gentle Mary**
(a prayer attributed to Colm Cille)
Gentle Mary, good maiden,
give us help,
thou casket of the Lord's body
and shrine of all mysteries.

Merciful forgiving one
who hast the grace of the pure Spirit,
join us in entreating the just-judging King
on behalf of his fair fragrant children.

For the sake of the beauteous One
who was conceived in thy womb,
for the sake of the Only-begotten
who is High-king everywhere,

I pray, while life lasts,
that thou be our safeguard
to the kingdom of the good Lord,
and that we go with dear Jesus.

(Foinse: **Leagan Nua-Ghaeilge de véarsaí as dán ón 11ú haois a luaitear le Colm Cille. Arna bhunú ar an leagan atá curtha in eagar ag Gerard Murphy in *Early Irish Lyrics*, Oxford, 1956, lgh 46-51 / *Modern Irish version of 'A Maire mín, maithingen', ascribed to Colm Cille. Based on the 11th century version edited and translated by Gerard Murphy in *Early Irish Lyrics*, Oxford, 1956, pp 46-51)***)

Lúireach

Sciath Cara faoi mo chlí
Sciath nach ngabhann ga
Spiorad Dúile Dé
Mo lúireach gach lá

Translation: **Shield**
The shield of a Friend at my breast,
a shield which no dart pierces,
the Spirit of God the Creator,
my breastplate all the days.

Lúireach Dé ar mo dhroim
A scaoileann deamhain díom
Mé i monar na naomh
Aingil Dé dom' dhíon.

The armour of God be upon me,
which drives all demons from me,
myself in the fold of the saints,
the angels of God protecting me.

(Foinse: **Véarsaí as iomann a luaitear le Colm Cille, as *Dánta Dé idir Sean agus Nua* le hÚna Ní Ógáin, Baile Átha Cliath, 1928, lch 85 / *Verses from a hymn ascribed to Colm Cille, from *Dánta Dé idir Sean agus Nua*, collected and edited by Úna Ní Ógáin, Dublin, 1928 p. 85)***)

Paidir ag deireadh an lae

Go luímis le Dia,
go luí Dia linn.
Dhá lámh Dé thart orainn,
Dia agus Colm Cille linn,
Muire agus a Mac,
Bríd agus a brat,
Agus dhá lámh Dé thart orainn.

Translation: **Prayer at the end of the day**

May we lie with God;
may God lie with us.
God's arms around us.
May God and Colm Cille be with us,
Mary and her child,
Bríd and her cloak,
and God's arms around us.

(Foinse: As an traidisiún béil / From oral tradition)

Roimh dhul a' luí san oíche

Síth Dé agus síth daoine
Síth Dé agus Cholm Cille
Ar gach fuinneog, ar gach doras
Ar gach uile pholl trína ngabhann isteach ré solais
Ar cheithre coirnéil an tí
Ar an mbaile ina bhfuilim i mo luí,
Agus síth Dé orm féin.

Translation: **Prayer before sleep at night**

The peace of God and the peace of people
The peace of God and Colm Cille
On every window, on every door
On everywhere a shaft of light can enter
At the four corners of the house
On the home in which I lie
And the peace of God on myself.

(Foinse: As an traidisiún béil / From oral tradition)

An tSioraíocht

Ráinig sé na haspail is sluaite na
nArdaingéal;
Ráinig tír nach bhfeictear inti oíche;
Ráinig tír go bhfuil súil againn le
Maois inti;
Ráinig gan mhoill críocha an cheoil
nach ngintear,
Áit nach n-éagann saoihe.

Translation: **Eternity**

He has reached the Apostles and the hosts of
Archangels;
he has reached the land where night is not
seen,
the land of Moses, as it seems;
straight to the sphere of heavenly music he
came,
where the wise do not die.

(Foinse: As 'Amhra Cholm Cille: Dallán's Elegy for Columba', curtha in eagar agus aistrithe ag P.L. Henry, foilsithe ag Colmcille & Iontaobhas Ultach (ní luaitear áit), 2006, lgh 32 -33/ edited and translated by P.L. Henry, published by Colmcille & Iontaobhas Ultach (no location specified), 2006 pp. 32-33)

Guí an Phobail

Is é grá Chríost a chruinníonn mar phobal sinn in ómós do Naomh Colm Cille.

Guímis:

1. Do cheannairí eaglasta ar fud an domhain. Go bhfaighe siad spreagadh ó shampla Cholm Cille agus go leana siad orthu ag athnuachan chreideamh na bpobal atá faoina gcúram.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

2. Bhunaigh Colm Cille mainistreacha agus chothaigh sé grá agus cineáltas laistigh dá mballaí. Cabhraigh linn, a Dhia, grá agus cineáltas a chothú inár dtithe féin.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

3. Bhain Colm Cille úsáid as bua na heagna agus as bua na héigse chun daoine a thabhairt chuig Dia. Cabhraigh linn, a Dhia, a bheith fial lenár mbuanna agus iad a úsáid chun áilleacht do Shoiscéil a thaispeáint do dhaoine eile.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

4. Scríbhneoir agus file ab ea Colm Cille. Cabhraigh, a Thiarna, le scríbhneoirí agus le healaíontóirí a mbuanna peannaireachta agus ealaíne a úsáid chun an traidisiún scríofa, agus oidhreacht na ndán, a chaomhnú agus a athnuachan.

A Thiarna éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

5. Chabhraigh Colm Cille leis na bochtáin chun teacht ar bhealaí chun cabhrú leo féin. Tabhair cúnamh dúinn, a Dhia, bheith carthanach le daoine agus bheith in ann meas a léiriú ar a gcearta daonna.

A Thiarna éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

6. Bhí ról ag an nádúr i saol Cholm Cille. Cabhraigh linn, a Thiarna, gníomhaíochtaí praiticiúla a dhéanamh chun éiceolaíocht ár bpláinéid a choinneáil slán don chéad ghlúin eile.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

7. Ba mhisinéir é Colm Cille. Tabhair grá agus cúnamh, a Dhia, do na fir agus do na mná go léir atá tar éis a dtíortha dúchais a fhágáil le bheith ina bhfinnéithe ar an Soiscéal ar fud an domhain.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

8. Chothaigh Colm Cille caidreamh idir Éire agus Albain. Cabhraigh linn naisc a chruthú idir an dá thír agus cabhraigh leo siúd atá ag obair chun buansíocháin a choinneáil ar oileán na hÉireann.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

9. Do na mairbh. Go dtuga Dia suaimhneas síoraí dóibh go léir agus leaba le Colm Cille i measc na naomh.

A Thiarna, éist linn.

A Thiarna, bí ceansa agus éist linn.

Áiseanna Gaeilge Eile

Slí Cholmille

<http://www.gaeilge.colmille.org/gartan>

Colm Cille: Beatha agus Oidhreacht

<https://ccea.org.uk/colmille/gaeilge/index.php>

Colm Cille 597 – 1997, le Pádraig Ó Fiannachta

<https://www.aislingmagazine.com/aislingmagazine/articles/TAM22/Colm%20Cille.html>

Colm Cille, le Seaghán Mhac Meanman

https://www3.smo.uhi.ac.uk/gaeilge/corpus/Meanman/Colm_Cille.html

Colm Cille, ón Vicipéid

https://ga.wikipedia.org/wiki/Colm_Cille

Arna chnuasach ag: Coiste Comhairleach na nEaspag um an Liotúirge i nGaeilge d'Fhéile Naomh Colm Cille, 2021.